Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**16342/25**

**EF 397**
**ECOFIN 1672**
**CODEC 2038**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 940 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Tuilleadh forbartha ar chomhtháthú an mhargaidh caipitil agus ar mhaoirseacht laistigh den Aontas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 940 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 940 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.12.2025
COM(2025) 940 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG AN mBANC CEANNAIS EORPACH, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Tuilleadh forbartha ar chomhtháthú an mhargaidh caipitil agus ar mhaoirseacht laistigh den Aontas**

## 1. Iomaíochas an Aontais Eorpaigh agus comhtháthú an mhargaidh caipitil

I dtimpeallacht dhomhanda atá ag athrú go tapa, ní mór don Aontas Eorpach a bhuntáiste iomaíoch a ghéarú chun tairbhí forleathana a chur ar fáil do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais. Is féidir é sin a bhaint amach trí leas a bhaint as na tairbhí iomlána a bhaineann le lucht saothair éagsúil oilte an Aontais, lena chuideachtaí nuálacha, lena neart in go leor príomhthionscail straitéiseacha, agus lena thiomantas dícharbónú a dhéanamh agus an geilleagar a dhéanamh níos inbhuanaithe. D'ainneoin go leor cúiseanna dóchais, tá geilleagar an Aontais ag tearcfheidhmiú le blianta beaga anuas mar gheall ar laigí struchtúracha a choinníonn siar é i gcomparáid le hiomaitheoirí idirnáisiúnta agus a chuireann srian ar a neamhspleáchas straitéiseach. Rud ar leith a chuireann leis an tsaincheist sin is ea gur minic go mbíonn sé níos éasca airgead a aistriú chuig tíortha nach bhfuil san Aontas ná é a aistriú laistigh de Bhallstáit an Aontais. Mar a luaitear i dtuarascálacha Draghi agus Letta agus i dtreoirlínte polaitiúla an Choimisiúin 2024-2029[1], tá gá le gníomhaíocht phráinneach chun feabhas a chur ar fheidhmíocht eacnamaíoch agus chun na huirlisí a thabhairt don Aontas chun a thodhchaí féin a mhúnlú[2].

Is cuid lárnach de shainordú an Choimisiúin Eorpaigh é geilleagar an Aontais a athbheochan agus a sheasamh idirnáisiúnta a neartú. Leagtar amach sa Chompás Iomaíochais[3] plean cuimsitheach chun geilleagar an Aontais a neartú agus leas a bhaint as acmhainneacht an gheilleagair sin, agus an straitéis le haghaidh Aontas Coigiltis agus Infheistíochta[4] ag gníomhú mar phríomhchumasóir de chuid an phlean sin. Aontaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil sé ríthábhachtach, chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh iomaíochas an Aontais, margaí caipitil Eorpacha atá fíor-chomhtháite agus níos doimhne a chruthú a mbeidh rochtain ag gach duine agus ag gach gnólacht ar fud an Aontais orthu[5]. Chuige sin, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún freisin feabhas a chur ar chóineasú agus éifeachtúlacht na maoirseachta ar mhargaí caipitil ar fud an Aontais agus ilroinnt a laghdú[6]. Ina theannta sin, ghlac Parlaimint na

[1] Rogha na hEorpa, Treoirlínte Polaitiúla don chéad Choimisiún Eorpach eile 2024−2029; e6cd4328-673c-4e7a-8683-f63ffb2cf648_ga

[2] Trí mhargaí caipitil an Aontais a chomhtháthú agus a dhoimhniú, beidh tairbhí ann d'infheisteoirí, do ghnólachtaí agus do gheilleagar an Aontais i gcoitinne, trí rochtain a thabhairt ar réimse níos leithne deiseanna airgeadais agus trí choigilteas a shlógadh go héifeachtach le haghaidh infheistíochtaí táirgiúla. Tugann CAI le fios, i gcás seirbhísí airgeadais amháin, go bhfuil bacainní inmheánacha laistigh den mhargadh aonair cosúil le taraif níos mó ná 100 %. Tugann Holste agus Bergström (2025) le fios go bhféadfaí OTI an Aontais a mhéadú EUR 7,8-8 dtrilliún in 2024 dá mbeadh margadh caipitil lán-aontaithe ann le blianta beaga anuas. Ina theannta sin, tugann ionsamhlúcháin CAI le tuiscint go bhféadfadh aontas láidir margaí caipitil rannchuidiú le haon trian de thairbhí iomlána an mhargaidh aonair, rud a d'fhéadfadh leibhéil OTI a ardú aon phointe céatadáin amháin.

[3] https://commission.europa.eu/topics/eu-competitiveness/competitiveness-compass_ga

[4] An straitéis um an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta chun deiseanna airgeadais a fheabhsú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí an Aontais - Airgeadas. Leis na tionscnaimh a áirítear sa straitéis um an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, cumhdaítear saoránaigh agus coigilteas, infheistíochtaí agus maoiniú, comhtháthú agus scála agus maoirseacht éifeachtúil sa mhargadh aonair chomh maith le hiomaíochas agus comhtháthú na hearnála baincéireachta. Tá siad ceaptha chun a chéile a threisiú. Mar shampla, is é is aidhm don straitéis litearthachta airgeadais atá beartaithe, don mholadh maidir le cuntais choigiltis agus infheistíochta agus do na bearta maidir le pinsin fhorlíontacha níos mó deiseanna a thabhairt do mhuintir na hEorpa a rachmas a fhorbairt trí infheistíocht a dhéanamh i margaí caipitil. Mar sin féin, ní bheidh na bearta sin éifeachtach mura gcuirfear deireadh le bacainní ar chomhtháthú mhargadh caipitil an Aontais, ós rud é go leanann costais arda agus torthaí níos ísle le haghaidh infheisteoirí de bheith mar thoradh ar na bacainní sin.

[5] https://www.consilium.europa.eu/media/viyhc2m4/20250320-european-council-conclusions-en.pdf

[6] Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) cleachtais mhaoirseachta chóineasaithe a áirithiú; (ii) an measúnú ar na dálaí chun é a chur ar a gcumas do na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha maoirseacht éifeachtach a dhéanamh ar na gníomhaithe ábhartha trasteorann is sistéamaí i réimsí an

hEorpa tuarascáil ina gcuirtear in iúl gur díol sásaimh di an fógra ón gCoimisiún maidir le pacáiste uaillmhianach tograí reachtacha chun an t-éiceachóras trádála agus iarthrádála san Aontas Eorpach a neartú, chun deireadh a chur le bacainní ar ghníomhaíocht trasteorann agus chun an creat a chur in oiriúint do theicneolaíochtaí nua[7].

D'ainneoin iarrachtaí lánpháirtíochta roimhe seo[8], tá margaí caipitil an Aontais fós ró-ilroinnte agus ró-neamhéifeachtúil chun comhthiomsú ollmhór choigilteas an Aontais a shlógadh chun freastal ar riachtanais mhóra infheistíochta an Aontais, go háirithe i bpríomhearnálacha straitéiseacha. I bhfianaise an ghá phráinnigh atá ann dul i ngleic le neamhéifeachtúlachtaí i margaí caipitil an Aontais, aithníonn an Coimisiún nach mór dó féachaint arís go substaintiúil ar phíosaí áirithe reachtaíochta, lena n-áirítear iad siúd ar cuireadh clabhsúr leo le déanaí. Tá sé sin ríthábhachtach chun bacainní leanúnacha a bhaint agus chun a áirithiú go mbeidh athchóirithe ag teacht leis an tírdhreach airgeadais atá ag teacht chun cinn.

Ina theannta sin, tionscnaimh chun margaí caipitil a chomhtháthú, rachaidh siad chun tairbhe do gheilleagar an Aontais, cuideachtaí a rannchuidíonn le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais san áireamh. Ní leor acmhainní poiblí amháin chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna mhaoinithe atá roimh go leor cuideachtaí, go háirithe FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú. Tá réimse ionstraimí airgeadais (amhail Invest EU agus Ciste CNE) agus clár tugtha isteach ag an Aontas faoi choimirce an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus an Chiste Eorpaigh Infheistíochta, chun níos mó caipiteal príobháideach a shlógadh. In éineacht leis na tionscnaimh phoiblí sin, is é an bealach is fearr chun infheisteoirí príobháideacha, agus caipiteal príobháideach, a mhealladh i dtreo thionscadail agus thosaíochtaí an Aontais dul chun cinn ceart a dhéanamh maidir le margaí caipitil dea-fheidhmiúla agus dea-chomhtháite an Aontais a fhorbairt.

Bacainní ar sholáthar agus úsáid trasteorann seirbhísí airgeadais, atá nasctha freisin le héagsúlacht i gcleachtais mhaoirseachta náisiúnta, is bac iad sin fós ar fhíormhargadh aonair le haghaidh caipitil a chruthú, rud a chuireann cosc ar chomhthiomsuithe móra leachtachta a chruthú agus a chuireann teorainn leis an acmhainneacht le haghaidh barainneachtaí scála. Tá gá le huaillmhian níos mó maidir le comhtháthú margaidh a chur chun cinn, rud a éilíonn meascán de ghníomhaíochtaí beartais ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais. Is é is aidhm do na gníomhaíochtaí sin, mar a leagtar amach i straitéis an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, é a dhéanamh níos éasca ar dhaoine ar fud an Aontais a rachmas a mhéadú trí

chaipitil agus an mhargaidh airgeadais, agus an obair ar na dálaí sin, a chur i gcrích, agus, ar bhonn an mheasúnaithe sin, togra maidir le maoirseacht a chur ar aghaidh, de réir mar is iomchuí; (iii) deireadh a chur go pras le bacainní ar chomhdhlúthú bonneagair margaidh atá faoi stiúir an mhargaidh agus ar infheistíocht trasteorann; (iv) na rialacha atá ann cheana a chuíchóiriú agus deireadh a chur le dúbláil, forálacha rialála a shoiléiriú agus an costas a bhaineann le comhlíonadh agus tuairisciú a laghdú.

[7] Tuarascáil maidir le maoiniú infheistíochtaí agus athchóirithe a éascú chun borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus Aontas na Margaí Caipitil a chruthú (Tuarascáil Draghi) | A10-0124/2025 | Parlaimint na hEorpa, pointí 26 agus 29. Meastar sa tuarascáil go bhféadfadh togra den sórt sin cuidiú le hilroinnt an mhargaidh san Aontas a shárú. Tacaíonn sí leis an rún atá ag an gCoimisiún bearta a mholadh chun uirlisí cóineasaithe maoirseachta a neartú agus chun iad a dhéanamh níos éifeachtaí, agus chun maoirseacht dhíreach níos aontaithe ar mhargaí caipitil a bhaint amach trí chúraimí áirithe a aistriú chuig leibhéal an Aontais.

[8] Cuireann an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta leis an dul chun cinn a rinneadh cheana faoi dhá phlean gníomhaíochta um Aontas na Margaí Caipitil agus le hiarrachtaí comhthreomhara an tAontas Baincéireachta a fhorbairt: An Coimisiún Eorpach, 'Plean Gníomhaíochta chun Aontas Margaí Caipitil a Thógáil' COM(2015) 468 final, an 30 Meán Fómhair 2015 agus 'Aontas na Margaí Caipitil do Dhaoine agus do Ghnólachtaí – Plean Gníomhaíochta Nua' COM(2020) 590 final, an 24 Meán Fómhair 2020.

pháirt a ghlacadh i margaí caipitil níos comhtháite agus, an tráth céanna, cur le hacmhainneacht infheistíochta an Aontais.

Dá bhrí sin, tá sraith tograí reachtacha uaillmhianacha réamhbhreathnaitheacha[9] á cur chun cinn ag an gCoimisiún Eorpach chun deireadh a chur leis na bacainní sin, agus é mar chuspóir leis sin rochtain infheisteoirí ar raon leathan deiseanna infheistíochta a éascú agus é a chur ar a gcumas do chuideachtaí caipiteal a thiomsú thar theorainneacha. Le seachadadh an phacáiste reachtaigh an-substaintiúil seo, gan ach 9 mí tar éis a fhógra i straitéis an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, leagtar béim ar thábhacht pholaitiúil agus ar phráinn an tionscnaimh. Dírítear sa phacáiste ar thograí chun deireadh a chur le bacainní lena ndéantar an margadh aonair a ilroinnt, maidir le roinnt príomhdheighleoga margaidh lena n-áirítear trádáil, iarthrádáil agus bainistiú sócmhainní, agus nuálaíocht á spreagadh agus maoirseacht á feabhsú sna réimsí sin an tráth céanna.

Aithníonn an Coimisiún gur gá dul i ngleic le bacainní ar chomhtháthú margaidh in áiteanna eile, amhail éagsúlachtaí sna creataí dlíthiúla lena rialaítear cáin, an dlí corparáideach, dócmhainneacht agus urrúis, nó ar fheidhmiú chearta na scairshealbhóirí thar theorainneacha. Molfaidh an Coimisiún an 28ú córas do chuideachtaí atá ag feidhmiú ar fud an mhargaidh aonair agus d'fhéadfadh sé tionscnaimh bhreise sna réimsí sin a mheas. Foilseoidh an Coimisiún tuarascáil chuimsitheach in 2026 freisin maidir le staid an chórais baincéireachta sa Mhargadh Aonair, lena n-áirítear meastóireacht ar iomaíochas na hearnála, rud a chuirfidh bonn eolais faoi chlár oibre athchóirithe dearfach réamhbhreathnaitheach le haghaidh na hearnála baincéireachta freisin. Tá an pacáiste seo comhsheasmhach le Treochlár an Mhargaidh Aonair go dtí 2028 a d'fhógair an tUachtarán von der Leyen in aitheasc 2025 ar Staid an Aontais agus le hiarrachtaí níos leithne an Choimisiúin margaí Eorpacha a fhorbairt trí na bacainní a dhéanann difear d'earraí, do sheirbhísí, do dhaoine agus do chaipiteal a laghdú[10].

## 2. Fíormhargadh aonair le haghaidh caipitil a bhaint amach: deireadh a chur le bacainní ar mhargaí comhtháite agus rochtain a shimpliú do ghnólachtaí agus do dhaoine ar fud an Aontais

Eascraíonn bacainní ar mhargaí caipitil comhtháite as difríochtaí i gcineálacha cur chuige rialála, rud a léiríonn go minic an úsáid a bhaintear as discréidí maidir le treoracha an Aontais a thrasuí agus a léirmhíniú agus cineálacha éagsúla cur chuige maidir le maoirseacht. Leis na bacainní sin, déantar oibríochtaí trasteorann rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais níos casta gan ghá. Féachtar leis an bpacáiste reachtach seo deireadh a chur leis na bacainní sin i bpríomhdheighleoga an mhargaidh caipitil, rud a chuirfidh ar a gcumas do chuideachtaí caipiteal a thiomsú ar bhealach níos éasca agus rochtain níos fearr a chur ar fáil d'infheisteoirí ar raon leathan infheistíochtaí agus seirbhísí. Ní mór iarracht chomhpháirteach a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon chun deireadh a chur le bacainní ar chomhtháthú an mhargaidh agus ba cheart an iarracht sin a bheith faoi thionchar an mhargaidh. Ní mór comhtháthú a bhaint amach agus cobhsaíocht airgeadais, sláine an mhargaidh agus cosaint infheisteoirí á gcoinneáil ar bun an tráth céanna, agus ar an gcaoi sin áirithítear go leanfaidh margadh airgeadais an Aontais de bheith sábháilte agus athléimneach.

Tá simpliú, go háirithe laghdú ar an ualach riaracháin, ríthábhachtach do ghnólachtaí agus d'infheisteoirí. Dá réir sin, dírítear sa phacáiste seo freisin ar cheanglais rialála a chuíchóiriú

[9] Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le liosta na dtograí, féach an Fhoscríbhinn.
[10] COM(2025) 500 final - An Margadh Aonair: ár margadh baile Eorpach i ndomhan éiginnte, Straitéis chun an Margadh Aonair a dhéanamh simplí, rianúil agus láidir.

chun gníomhaíochtaí trasteorann a dhéanamh níos costéifeachtaí. Bainfear simpliú amach ar roinnt bealaí éagsúla: rialacháin a dhéanamh d'fhorálacha áirithe ar treoracha iad faoi láthair; deireadh a chur leis an raon feidhme do bhearta rórialála a fhorchuirtear go náisiúnta; cumhachtuithe Leibhéal 2 a mhionchoigeartú; socruithe maoirseachta forluiteacha, costasacha agus neamhéifeachtúla a chuíchóiriú; agus ar bhonn níos ginearálta, deireadh a chur le bacainní i gcreataí an Aontais agus i gcreataí náisiúnta le haghaidh oibreoirí margaidh agus infheisteoirí. Rud atá tábhachtach, bheadh fíormhargadh aonair le haghaidh caipitil – a bheadh saor ó bhacainní agus a neartófaí le maoirseacht éifeachtúil chomhchuibhithe – ina shimpliú mór ann féin a d'fhéadfaí a chur ar fáil do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais.

Dírítear sa phacáiste seo ar dheireadh a chur leis na bacainní[11] a eascraíonn as rialacha agus as cineálacha cur chuige maoirseachta ar fud éiceachóras an mhargaidh caipitil. Tá bonneagar an mhargaidh airgeadais fíor-riachtanach le haghaidh saorghluaiseacht caipitil agus seirbhísí ach leanann sé de bheith ag obair go neamh-chomhtháite den chuid is mó, rud a chuireann teorainn le sineirgí agus a thugann dúbláil chostasach le fios. Tá an tionscal bainistíochta sócmhainní fós an-ilroinnte, agus níl an scála is gá ag go leor cistí náisiúnta chun dul in iomaíocht le cistí i bhfad níos mó atá ag feidhmiú san Aontas ach atá bunaithe i dtríú tíortha. Áirithítear leis an gcur chuige cuimsitheach sin go gcumhdaítear leis an bpacáiste cnámh droma mhaoiniú an mhargaidh caipitil, a fheidhmíonn mar bhealaí riachtanacha a nascann infheisteoirí le gnólachtaí a bhfuil maoiniú á lorg acu.

### 2.1. Gníomhaíocht chuimsitheach i dtreo chomhtháthú an mhargaidh caipitil

***Gníomhaíochtaí chun bacainní a bhaint le haghaidh grúpaí*** - Sna hearnálacha uile a chumhdaítear leis an bpacáiste seo, is minic a bhíonn ceanglais rialála dhúblacha roimh ghrúpaí a oibríonn ar fud na mBallstát, mar gheall go príomha ar rialacha nach bhfuil comhchuibhithe go leordhóthanach. Tá an tírdhreach rialála ilroinnte sin neamhéifeachtúil, toisc go gceanglaítear leis ar ghnólachtaí acmhainní suntasacha a infheistiú chun dul i ngleic le creataí dlíthiúla éagsúla, rud a dhéanann iarrachtaí agus bearta comhlíontachta a dhúbláil go minic do gach Ballstát ina n-oibríonn siad. Cuireann na neamhéifeachtúlachtaí sin bac ar leithdháileadh optamach acmhainní agus ar shineirgí laistigh de ghrúpaí. Acmhainní a d'fhéadfadh gnólachtaí seirbhísí airgeadais a thiomnú do chruthú luacha, don fhás agus don nuálaíocht, déantar go leor acu a atreorú chun castachtaí rialála a bhainistiú, rud a fhágann go mbíonn costais oibriúcháin mhéadaithe ann, a chuirtear ar aghaidh ar deireadh chuig cliaint deiridh agus chuig infheisteoirí. Leis an bpacáiste seo, féachtar leis na saincheisteanna sin a réiteach trí dheireadh a chur le dúbláil rialála agus éagsúlachtaí rialála nach bhfuil gá leo gan fóntacht airgeadais grúpaí seirbhísí airgeadais ná cosaint infheisteoirí a lagú. Is é an toradh a bheidh air sin go mbeidh na margaí níos éifeachtúla, go laghdófar na costais oibriúcháin, agus go mbeidh gnólachtaí seirbhísí airgeadais in ann seirbhísí agus táirgí níos iomaíche a thairiscint d'infheisteoirí an Aontais.

***Gníomhaíochtaí chun bacainní ar nós imeachta an phas a bhaint*** - Féachann an pacáiste seo freisin lena áirithiú go bhfeidhmeoidh nósanna imeachta an phas go héifeachtach chun oibríochtaí ar fud na mBallstát a éascú. Ar bhonn phrionsabail na saoirse chun seirbhísí a sholáthar agus na saoirse bunaíochta, le nós imeachta an phas, ba cheart cistí infheistíochta agus gnólachtaí seirbhísí airgeadais atá údaraithe i mBallstát amháin den Aontas a bheith in ann a dtáirgí a mhargú agus a seirbhísí a thairiscint gan stró ar fud an mhargaidh aonair gan gá rialacha ná údaruithe náisiúnta breise a chomhlíonadh i ngach Ballstát. Is é is aidhm dó sin

[11] Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an measúnú tionchair ar chomhtháthú an mhargaidh agus ar mhaoirseacht.

próisis a shimpliú agus rochtain ar an margadh a fheabhsú, rud a chuirfidh leis na deiseanna atá ann do chuideachtaí agus d'infheisteoirí ar fud an Aontais. Mar sin féin, sa chleachtas, ní fheidhmíonn an creat reatha maidir le nós imeachta an phas chomh héifeachtúil agus a bhí beartaithe, rud a fhágann go bhféadfaí feabhas a chur air. Mar gheall ar chur i bhfeidhm neamhréireach rialacha ag údaráis náisiúnta agus ceanglais náisiúnta bhreise gan údar, is féidearthacht theoiriciúil fós é nós imeachta an phas seachas uirlis fheidhmiúil do go leor gnólachtaí. Tá an tsaincheist sin thar a bheith géar i gcás margaí rialáilte, taisclanna lárnacha urrús (CSDanna), gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe (GCUInna) agus bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha (BCIManna) a mhargaíonn cistí infheistíochta malartacha (CIManna) ar fud an Aontais. Deis chaillte is ea an easpa pas lánfheidhmiúil Eorpach. I measc na mbeart chun nós imeachta an phas atá éifeachtach a chur chun feidhme agus oibríocht trasteorann a éascú tá rialacha níos soiléire maidir le nós imeachta an phas d'ionaid trádála agus do CSDanna, an ceadúnas nua uile-Eorpach d'oibreoirí margaidh[12], an córas nua maidir le nós imeachta an phas le haghaidh údarú do chistí GCUI agus BCIManna[13], agus an fhéidearthacht do chuideachtaí urrúis a eisiúint thar theorainneacha[14]. Leis na bearta sin, simpleofar teacht isteach sa mhargadh aonair, laghdófar costais oibríochtúla, agus beidh sé níos éasca ar infheisteoirí agus cuideachtaí leas a bhaint as margadh aonair fíor-aontaithe.

***Gníomhaíochtaí chun bacainní ar idirnascadh a bhaint*** - Is é is aidhm don phacáiste ceanglais ar leibhéal an Aontais a shimpliú agus feabhas a chur ar an idirnascacht. Déanfaidh sé amhlaidh trí na rialacha a bhaineann le húdarú, oibríochtaí, cumarsáid agus margaíocht d'ionaid trádála, do thaisclanna lárnacha urrús agus do bhainisteoirí sócmhainní a chomhchuibhiú. Cuirfear feabhas ar na huirlisí socraíochta atá ann faoi láthair, agus beidh ar bhonneagar socraíochta an Aontais a bheith in ann socrú in Urrúis TARGET 2 (T2S[15]) i gcás na n-airgeadraí sin ina dtairgeann sé socraíocht. Ina theannta sin, neartóidh an pacáiste bearta rochtana oscailte agus simpleoidh sé rochtain dhíreach na mbróicéirí ar ionaid trádála. Le ceanglais shimplithe agus chomhchuibhithe, laghdófar costais chomhlíontachta agus cuirfear ar a gcumas do rannpháirtithe sa mhargadh oibriú ar bhealach níos éifeachtúla ar fud an Aontais.

***Gníomhaíochtaí chun bacainní ar nuálaíocht DLT a bhaint*** - Leagtar béim sa phacáiste seo freisin ar thábhacht na nuálaíochta san earnáil airgeadais, go háirithe trí Theicneolaíocht Mórleabhar Dáilte ('DLT'). D'fhéadfadh na nuálaíochtaí sin feabhas a chur ar sheirbhísí airgeadais do dhaoine agus do ghnólachtaí ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, leasaítear leis an bpacáiste an reachtaíocht atá ann cheana chun deireadh a chur le bacainní agus le castachtaí a chuireann bac ar ghlacadh DLT in earnáil airgeadais an Aontais. Cuideoidh córas píolótach athbhreithnithe DLT le tástáil fhorleathan a dhéanamh ar DLT agus, an tráth céanna, foghlaim luachmhar a bhaint amach le haghaidh ceapadh beartas amach anseo. Chomh maith le raon feidhme agus solúbthacht Chóras Píolótach DLT a leathnú, leis an bpacáiste déanfar reachtaíocht iarthrádála a nuachóiriú chun freastal níos fearr ar theicneolaíochtaí nua.

---

[12] Tabharfar isteach ceadúnas nua le haghaidh 'Oibreoirí Margaidh Uile-Eorpacha' i gcás oibreoirí margaidh trasteorann chun go bhféadfar ionaid trádála a oibriú i roinnt Ballstát ar bhonn aon cheadúnas amháin.

[13] Le córas nua 'nós imeachta an phas tar éis údarú a fháil', tabharfar rochtain láithreach do chistí GCUI agus CIManna (trína BCIManna) ar an margadh aonair i leith a mBallstát roghnaithe ar údarú a fháil.

[14] Chun an tsaoirse eisiúna a fheabhsú, beidh teorainn leis an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit ceanglais bhreise a fhorchur ar eisitheoirí atá ina mbacainn ar eisiúint trasteorann.

[15] Is ardán é T2S a seoladh in 2015 agus atá á oibriú ag an Eurochóras agus a thairgeann socraíocht urrús chomhchuibhithe agus chuíchóirithe in airgead bainc ceannais chun socraíocht tras-CSD a éascú.

Trí dhul i ngleic leis na neamhéifeachtúlachtaí sin, trína áirithiú go n-oibríonn nós imeachta an phas mar a bhí beartaithe, trína chur ar a gcumas do ghrúpaí atá gníomhach i roinnt Ballstát a n-oibríochtaí a chuíchóiriú agus sineirgí a thógáil, trí fheabhas a chur ar idirnascadh agus nuálaíocht DLT a chur chun cinn, féachann an pacáiste seo leis na tairbhí féideartha sin a scaoileadh, agus ar an gcaoi sin fíorbhorradh a chur faoi mhargaí caipitil an Aontais.

### 2.2. Maoirseacht an Aontais a fheabhsú: bunchloch le comhtháthú agus scála an mhargaidh

Tá ollstruchtúr comhtháite de chuid an Aontais le haghaidh maoirseachta fíor-riachtanach chun tacú le margadh aonair le haghaidh seirbhísí airgeadais. Ba cheart do ghnólachtaí seirbhísí airgeadais atá gníomhach sna réimsí céanna a bheith in ann a seirbhísí agus a ngníomhaíochtaí a sholáthar ar fud an Aontais gan bac a chur ar chineálacha éagsúla cur chuige maoirseachta lena ndéantar an margadh a ilroinnt. Faoi láthair, ní bhíonn gníomhaíochtaí maoirseachta chomh hintuartha céanna ar fud an Aontais ná ní dhéantar measúnú iomlánaíoch leo ar ghníomhaíochtaí trasteorann soláthraithe. In éineacht le húsáid neamhleor na n-uirlisí cóineasaithe maoirseachta atá ann cheana agus atá ar fáil don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA), cuireann bacainní maoirseachta den sórt sin leis na costais a bhaineann le gnó a dhéanamh thar theorainneacha, cruthaíonn siad éiginnteacht dhlíthiúil agus éagothroime iomaíochta, agus déanann siad infheistíocht san Aontas níos deacra agus níos costasaí ar an iomlán.

***Réimsí nua le haghaidh mhaoirseacht ESMA*** - De réir mar a théann comhtháthú an mhargaidh i dtreis, ní mór creat maoirseachta an Aontais a fhorbairt dá réir. Trí chumhachtaí maoirseachta a chomhthiomsú ar leibhéal an Aontais, cuirfear comhtháthú margaidh níos doimhne chun cinn agus cuirfear le feidhmiú rianúil éifeachtúil na margaí caipitil, de réir mar a chuirfear deireadh le bacainní agus de réir mar a thiocfaidh méadú ar ghníomhaíocht trasteorann. Áireofar leis an athchóiriú maoirseachta freagrachtaí maoirseachta díreacha a aistriú chuig ESMA le haghaidh eintitis mhóra agus trasteorann áirithe sa trádáil agus san iarthrádáil[16], agus le haghaidh eintitis i réimsí nua chomh maith amhail soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta tacú le ESMA maidir lena chúraimí maoirseachta díreacha a chomhlíonadh. Beidh ról níos láidre ag ESMA freisin i gcóineasú agus i gcomhordú na maoirseachta ar ghrúpaí bainisteoirí sócmhainní móra agus ar chistí infheistíochta[17] sa mhargadh aonair. Leis an athchóiriú sin ar shocruithe maoirseachta, éascófar forfheidhmiú an leabhair rialacha aonair, áiritheofar dearcadh cuimsitheach, éascófar cinnteoireacht eolasach agus beifear in ann an úsáid is éifeachtúla a bhaint as acmhainní. Is gá athbhreithniú a dhéanamh ar rialachas ESMA, lena n-áirítear Bord Feidhmiúcháin

[16] Chun na heintitis a thagann faoi mhaoirseacht dhíreach a shainaithint, dréachtaíodh sraith critéar soiléir, agus méid/tábhacht shistéamach á cur san áireamh, chomh maith le gníomhaíocht trasteorann nó gné ghrúpa uile-Eorpach na gcontrapháirtithe lárnacha, na CSDanna agus na n-ionad trádála. Ina theannta sin, chun cothrom iomaíochta a áirithiú, i gcás CSDanna agus contrapháirtithe lárnacha atá ina gcuid de ghrúpa ina bhfuil comhalta amháin ar a laghad atá faoi réir mhaoirseacht ESMA, bheidís féin faoi réir mhaoirseacht ESMA freisin. Ar an gcaoi chéanna, na hionaid trádála uile a oibrítear laistigh de ghrúpa atá faoi réir mhaoirseacht ESMA, bheadh siad faoi réir mhaoirseacht ESMA.

[17] Áirítear ar na huirlisí agus na sásraí nua atá ar fáil do ESMA chun dul i ngleic le bacainní ar ghníomhaíochtaí trasteorann na sainorduithe chun measúnú comhpháirteach a eagrú, in éineacht leis na húdaráis inniúla náisiúnta, ar leibhéal an ghrúpa ar bhainisteoirí sócmhainní agus ar chruthú ardán comhair, agus ról idirghabhála ceangailteach ESMA a neartú an tráth céanna, ar ról é a d'fhéadfadh sé a fheidhmiú freisin ar a thionscnamh féin. Chomh maith leis an gcumhacht sin a bheith ar fáil dó, ceanglaítear ar ESMA freisin idirghabháil a thionscnamh i gcásanna atá sainithe go soiléir, lena n-áirithítear a húsáid éifeachtach.

nuachruthaithe[18], agus samhail chistiúcháin inbhuanaithe chothrom inoiriúnaithe a fhorbairt chun freastal ar a ról leathnaithe.

***Uirlisí cóineasaithe maoirseachta ESMA*** - Féachann an pacáiste freisin le feabhas a chur ar úsáid agus éifeachtacht uirlisí cóineasaithe maoirseachta ESMA atá ann cheana, amhail an nós imeachta um shárú ar dhlí an Aontais, litreacha neamhghnímh, athbhreithnithe piaraí, réiteach easaontais idir údaráis inniúla, agus tarmligean cúraimí agus freagrachtaí. Moltar ann uirlisí cothrománacha nua a thabhairt isteach, amhail ardáin chomhair agus sásra le haghaidh cúnamh frithpháirteach idir maoirseoirí náisiúnta chun aisghabháil trasteorann fíneálacha a éascú. Thairis sin, tá cumhachtaí nua cóineasaithe á dtabhairt do ESMA chun maoirseacht éifeachtach ar sheirbhísí airgeadais trasteorann a áirithiú agus chun cur le muinín as an gcóras pas. Leis na cumhachtaí nua, beidh ESMA in ann a cheangal ar údaráis inniúla a thuairim a lorg agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a éileamh i gcás easnaimh mhaoirseachta thromchúiseacha agus cearta eintitis chun seirbhísí a sholáthar ar bhonn trasteorann a chur ar fionraí má tá sárú tromchúiseach ar dhlí an Aontais déanta aige.

***Formhaoirseacht mhacrastuamachta agus faireachán riosca*** - Ar deireadh, chun muinín as na hearnálacha airgeadais neamhbhainc a chothú, aithníonn an Coimisiún an gá atá le formhaoirseacht mhacrastuamachta iomlánaíoch, níos simplí agus dea-chomhordaithe agus le faireachán riosca ar fud an chórais airgeadais. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara[19] maidir le leordhóthanacht an chreata atá ann cheana chun rioscaí sistéamacha a eascraíonn as gníomhaíochtaí idirghabhála airgeadais neamhbhainc a bhrath agus a bhainistiú, i bhfianaise castacht agus idirnascthacht mhéadaitheach ar fud na mbanc agus na neamhbhanc. Mar thoradh air sin, agus sa bhreis ar an bpacáiste seo, tá gníomhaíochtaí spriocdhírithe á mbreithniú ag an gCoimisiún le haghaidh 2026 chun maoirseacht mhacrastuamachta a neartú agus chun feabhas a chur ar athléimneacht chóras airgeadais an Aontais.

Díríonn an pacáiste maidir le comhtháthú an mhargaidh agus maoirseacht ar ról ESMA mar an t-údarás atá freagrach as urrúis agus margaí, arb é sin an tosaíocht is práinní atá ag an Aontas ag an gcéim seo. Mar sin féin, cumhdaíonn an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta earnálacha eile de chóras airgeadais an Aontais freisin, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tuilleadh athchóirithe chun feabhas a chur ar róil na nÚdarás Maoirseachta Eorpach eile, d'fhonn maoirseacht airgeadais san Aontas a neartú a thuilleadh.

### 3. An gá atá le gníomhaíocht ó na páirtithe leasmhara uile

Is freagracht chomhroinnte de chuid institiúidí an Aontais, na mBallstát agus rannpháirtithe sa mhargadh é an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta agus éilíonn sé tiomantas agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha marthanacha ó na páirtithe leasmhara uile. Cé go bhfuil gá le bearta ar leibhéal an Aontais chun deireadh a chur le bacainní sa mhargadh aonair, ba cheart iad sin a chomhlánú le gníomhaíochtaí ar an leibhéal náisiúnta. Tá rún daingean ag an gCoimisiún Eorpach gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh i gcoinne cleachtais neamhdhleathacha agus rialacha náisiúnta a chuireann bac míchuí ar chomhtháthú margaidh agus ar ghníomhaíocht trasteorann. Trí dhlí an Aontais agus saoirsí bunúsacha an Aontais go háirithe a fhorfheidhmiú, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar na rialacha uile atá mar bhonn

[18] Is Bord Feidhmiúcháin nuachruthaithe, ar a mbeadh comhaltaí neamhspleácha a mbeadh nós imeachta neamhagóide ón mBord Maoirseoirí acu, a dhéanfadh na cinntí maoirseachta.

[19] https://finance.ec.europa.eu/document/download/db0e482b-12b8-43d5-ad8d-b54e6af4b315_en?filename=2024-non-bank-financial-intermediation-summary-of-responses_en.pdf.

taca faoi mhargadh inmheánach cothrom oscailte le haghaidh caipitil a chur chun feidhme agus a urramú go hiomlán.

Tá ról suntasach ag an Eurochóras freisin, go háirithe i réimse na hiarthrádála. Is amhlaidh atá go háirithe maidir le húsáid Urrúis Target 2 (T2S) a chur chun cinn le haghaidh socraíocht urrús. D'fhéadfadh iarrachtaí breise comhchuibhithe agus comhtháthaithe a chuireann le húsáid an ardáin choitinn sin rannchuidiú go mór le forbairt an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta. D'fhéadfaí tacú leis sin freisin trí líon na n-airgeadraí a fhónann T2S a mhéadú le comhar ó bhainc cheannais eisiúna na n-airgeadraí sin, agus trí chomhoiriúnacht shocraíochta airgid na mbanc ceannais le húsáid teicneolaíochtaí nua, amhail DLT, a áirithiú. An tráth céanna, iarrann an Coimisiún ar an Eurochóras a fhiosrú an bhféadfadh athruithe ar phraghsáil sheirbhísí T2S agus ar rialachas T2S cur le húsáid an ardáin sin agus éifeachtúlacht agus nuálaíocht níos fearr a chothú. Iarrann an Coimisiún ar an Eurochóras, agus ar CEBC ar bhonn níos ginearálta, leanúint dá n-iarrachtaí caighdeáin maidir le socraíocht urrús agus seirbhísiú sócmhainní a chomhchuibhiú, agus ar rannpháirtithe sa mhargadh chomh maith na caighdeáin chomhchuibhithe chomhaontaithe sin a chur chun feidhme a luaithe is féidir.

Ar deireadh, ní mór don tionscal airgeadais a ról a imirt freisin trína áirithiú go nglacfar go tráthúil leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus trí thionscnaimh atá faoi thionchar an mhargaidh agus a thacaíonn le cuspóirí an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta a spreagadh.

## 4. Conclúid

D'fhreagair an Coimisiún Eorpach go cinntitheach d'iarrataí ó na leibhéil pholaitiúla is airde bearta uaillmhianacha a dhéanamh chun iomaíochas agus seasamh domhanda an Aontais a fheabhsú go hiomlán. Beidh an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta ríthábhachtach chun tuilleadh deiseanna a chruthú do shaoránaigh an Aontais infheistíocht rianúil a dhéanamh i margaí caipitil, rud a chuirfidh borradh faoin iomaíochas, rud a chuirfidh ar a gcumas d'fhórsaí an mhargaidh dlús a chur le próiseas forbartha agus comhtháthaithe an mhargaidh airgeadais agus, ar an gcaoi sin, a chruthóidh linnte caipitil níos doimhne chun tacú le maoiniú gheilleagar an Aontais. Beidh an pacáiste seo de thionscnaimh reachtacha i réimsí na trádála agus na hiarthrádála urrús, an bhainistithe sócmhainní agus na maoirseachta sócmhainní ríthábhachtach chun go n-éireoidh le straitéis an Aontais Coigiltis agus Infheistíochta ar an iomlán. Tá na bearta atá beartaithe comhlántach agus beidh sé tábhachtach sláine agus comhleanúnachas an phacáiste a choinneáil ar bun. Leis an bpacáiste, comhcheanglaítear nuachóiriú chreat dlíthiúil agus maoirseachta an Aontais le gníomhaíocht chun comhlíonadh an chreata sin a áirithiú. Is freagracht chomhroinnte é sin a éilíonn gníomhaíochtaí comhpháirteacha ó institiúidí an Aontais, ó na Ballstáit agus ó na páirtithe leasmhara san earnáil phríobháideach.

Tá sé ríthábhachtach an móiminteam polaitiúil atá ann faoi láthair a thapú chun deireadh a chur le bacainní seanbhunaithe ar chomhtháthú an mhargaidh caipitil. Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar na Ballstáit an pacáiste sin a chaibidliú go pras agus go héifeachtach agus a shláine, a chomhleanúnachas agus a uaillmhian a choinneáil ar bun. Tríd an méid sin a dhéanamh, cuirfidh an pacáiste seo tairbhí nithiúla a bhfuil géarghá leo ar fáil do na daoine agus na gnólachtaí uile ar fud an Aontais.

## **Foscríbhinn – Pacáiste reachtach**

Sa phacáiste reachtach maidir le comhtháthú an mhargaidh agus maoirseacht, tá trí thogra reachtacha, mar a leanas:

**1) An Máistir-Rialachán**

Leis an Máistir-Rialachán, leasaítear na píosaí seo a leanas de reachtaíocht mhargadh caipitil an Aontais atá ann cheana:

- Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí);

- Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála;

- Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 a mhéid a bhaineann le comhchuibhiú na rialacha is infheidhme maidir le feidhmiú ionad trádála, soláthar trasteorann seirbhísí ag oibreoirí ionad trádála a éascú, na teilitéipeanna comhdhlúite a fhorbairt a thuilleadh agus deireadh a chur le bacainní ar rochtain fhrithpháirteach idir bonneagar trádála agus bonneagar iarthrádála;

- Rialachán (AE) Uimh. 909/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le socraíocht urrús san Aontas Eorpach a fheabhsú agus maidir le taisclanna lárnacha urrús;

- Rialachán (AE) 2015/2365 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le trédhearcacht idirbheart maoinithe urrús agus athúsáide;

- Rialachán 2019/1156/AE a mhéid a bhaineann le margú trasteorann cistí infheistíochta;

- Rialachán (AE) 2021/23 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creat le haghaidh téarnaimh agus réitigh contrapháirtithe lárnacha;

- Rialachán (AE) 2022/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le córas píolótach le haghaidh bonneagair mhargaidh atá bunaithe ar theicneolaíocht mórleabhar dáilte;

- Rialachán (AE) 2023/1114 a mhéid a bhaineann le húdarú agus maoirseacht soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní sa mhargadh aonair;

- Rialachán (CE) 1060/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le gníomhaireachtaí rátála creidmheasa;

- Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas;

- Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe;

- Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Samhain 2023 maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht; agus

- Rialachán (AE) 2024/3005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 maidir le trédhearcacht agus sláine gníomhaíochtaí rátála Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG).

**2) An Mháistir-Threoir**

Leis an Máistir-Threoir, leasaítear na píosaí seo a leanas de reachtaíocht mhargadh caipitil an Aontais:

- Treoir 2009/65/CE agus Treoir 2011/61/AE a mhéid a bhaineann le comhtháthú margaidh agus maoirseacht GCUInna, cuideachtaí bainistíochta agus BCIManna agus soláthar seirbhísí taisclainne; agus

- Treoir 2014/65/CE a mhéid a bhaineann le comhchuibhiú na rialacha is infheidhme maidir le húdarú margaí rialáilte agus le feidhmiú ionad trádála.

**3) An Rialachán maidir le Críochnaitheacht Socraíochta**

- Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le críochnaitheacht socraíochta agus lena n-aisghairtear Treoir 98/26/CE agus lena leasaítear Treoir 2002/47/CE maidir le socruithe comhthaobhachta airgeadais.